An Raibh a Fhios Agat?

Caithfidh tú an leathanach tosaigh do leagan speisialta de nuachtán pobail áitiúil, nó do nuachtán scoile/ranga, a dhearadh. Ar an leathanach tosaigh bíodh scéal a chuirfidh léitheoirí ar an eolas faoi chultúr nó faoi thraidisiúin aon phobail i dTuaisceart Éireann atá éagsúil le do phobal féin.

Roghnaigh teideal agus cuir sonraí ar bith eile isteach a bhfuil tábhacht leo dar leat.

Smaoinigh ar ábhar agus ar leagan amach do leathanach tosaigh. Amharc ar réimse nuachtán sa rang le smaointe a fháil do do dhearadh.

Déan taighde ar/cuir agallamh ar do ghrúpa roghnaithe. Scríobh do chuid scéalta agus bailigh/tóg grianghraif le húsáid le do thuairiscí.

Socraigh do chuid scéalta nuachta agus eolas eile le cuma a chur orthu go bhfuil siad i nuachtán.

Pléigh an dóigh le tuairisc neamhchlaonta a thabhairt a chruthóidh tuiscint níos fearr ar d'ábhar roghnaithe.

Déan cinneadh ar stíleanna agus ar chlónna cuí do na ceannlínte agus fo-cheannlínte.

Cuir isteach grafaicí nó grianghraif chuí le cuid de na tuairiscí nó na tuairiscí uilig a léiriú.

Sábháil agus priontáil cóip de do chuid oibre.

Taispeáin do nuachtán do chara leat agus pléigí cé acu an féidir é a fheabhsú nó nach féidir.

Déan athruithe ar bith atá de dhíth.

Sábháil cóip.